

|  |   |
|--|---|
| <b>Ainm an Tionscadail</b>   | Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill |
| <b>Buntaifeadadh</b>   | T55   |
| <b>Ainm an Agalláí</b>   | Dónall Ghracie Mac Daibhéid                   |
| <b>Ainm an Agallóra</b>  | Dónall Dinny Ó Gallachóir                     |
| <b>Dáta an Agallaimh</b>   | 30/5/2006                                     |
| <b>Suíomh an Agallaimh</b>   | Cluain tSaileach, Na Dúnaibh                  |
| <b>Ainm an Tras-scríbhneora</b>  | Anna Ní Pheanróis                             |
| <b>Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.</b> |   |

(gáire)

(sos)

(--)

' \_\_\_\_\_ ' **Tosach lochtach**' \_\_\_\_\_ ' **Focal dothuigthe**' \_\_\_\_\_ ' + ' **Níos mó ná focal amháin dothuigthe**.... **Beirt ag caint ag an am amháin**[] **Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir**

\*\*\*\*\*

**DÓNAL:** Anois, bhuel inniu tá mé thíos ar na Dúnaibh i gCluain tSaileach agus tá mé ag gabháil a thógáil traidhfil scéalta uaidh Dónall Mac Daibhéid agus tosóidh muid a Dhónaill, creidim, tiocfaidh muid a fhad le Meiriceá níos moille.

**DÓNALL GHRACIE:** *Aye.*

**DÓNAL:** Ach ba mhaith liom tosach ar d'óige agus cé mhéid agaibh a bhí sa teaghlach.

**DÓNALL GHRACIE:** Bhí.

**DÓNAL:** Agus bhí sé measartha crua a Dhónaill, ag éirí aníos ar na Dúnaibh san am creidim agus achan áit eile?

**DÓNALL GHRACIE:** Ó bhí, bhí, bhí sé crua san am sin agus bhí achan, achan teaghlach, bhí teaghlach mór in achan teach san am sin. Agus bhí ochtar in sa teaghlach, i mo theaghlachsa agus bhí m'athair i gcónaí ag iascaireacht agus thiocfadh sé isteach oíche nuair a bheadh sé cineál olc, *you know*, cineál de garbh amuigh agus an t-am, an t-am is mó, an t-am is gairbhe a bheadh sé, sin an t-am a bhfearr fá choinne na bradáin.

**DÓNAL:** Sea.

**DÓNALL GHRACIE:** Agus bhí oíche amháin agus tháinig sé isteach thall go *Bunrana*, an áit ar bhris an bád síos orthu agus bhí an oíche rógharbh agus b'éigean dóibh fanacht thall in *Bunrana* but an oíche sin rinne an bhean, bean an tí, an áit a stop siad, rinne siad, rinne sí cupa tae dóibh agus nuair a bhí an tae ólta acu d'fhiafraigh sé do m'athair ar mhaith leis an cupa a fháil léite?

**DÓNAL:** Sea.

**DÓNALL GHRACIE:** An bhfuil a fhios agat?

**DÓNAL:** Tá a fhios agam, bean a léann cupaí, sea.

**DÓNALL GHRACIE:** Bean a léafadh na cupaí.

**DÓNAL:** Tá a fhios agam.

**DÓNALL GHRACIE:** Agus, á, char chur seisean, cha dtabharfadh sé isteach cineál don *sciotaí* sin.

**DÓNAL:** *No.*

**DÓNALL GHRACIE:** *So, óch, bhí sí ag gabháil de, "cha ndéan sé a dhath dochar duit é, do chupa a fháil léite". So léigh sí an cupa anyhow agus dúirt sí leis "anocht" a dúirt sí, "tá, tá bainis nó tá celebration in do theach anocht" agus ba sin an oíche a rugadh mise. (Gáire)*

**DÓNAL:** Nach raibh sé iontach na rudaí a bhí ag mná mar sin?

**DÓNALL GHRACIE:** *Aye. Aye. Agus ba sin an chéad, 20 Eanáir, 19, bhuel, cad ó bhí sé ansin, 20 Eanáir, aye. Agus eh...*

**DÓNAL:** ....Bhfuil a fhios agat, go ar aghaidh, go ar aghaidh.

**DÓNALL GHRACIE:** Agus bhí sé, ba ghnách leis i gcónaí an scéal sin a inse dúinn.

**DÓNAL:** Scéal maith a bhí ann.

**DÓNALL GHRACIE:** *Aye* agus cha chreidfeadh sé féin i gcónaí, cha dtabharfadh sé isteach fá na scéalta sin (gáire).

**DÓNAL:** Chreid sé ina dhiaidh sin.

**DÓNALL GHRACIE:** Chreid sé ina dhiaidh sin. *Aye*.

**DÓNAL:** *Jees, but* caithfidh sé go deachaigh, go deachaigh sé giota fada as baile ag iascaireacht, an rachadh sé anonn go hAlbain?

**DÓNALL GHRACIE:** Ó, sea, ó rachadh sé anonn go hAlbain agus bhí siad ar an *Daylight Star*.

**DÓNAL:** Sea.

**DÓNALL GHRACIE:** Bhí bád acu a dtabharfadh siad an *Daylight Star* agus.

**DÓNAL:** An raibh sé idir é féin agus cúpla fear eile?

**DÓNALL GHRACIE:** Ó, bhí, de na *Mc Daid's* fosta amuigh ar an.

**DÓNAL:** Bhí.

**DÓNALL GHRACIE:** Bhí, cuid acu sin agus bhí sé oíche, oíche amháin, bhí sé, d'fhág sé **Lag na hUilinn** thuas ansin, mar a deir siad leis an *boatyard* agus rachadh sé síos an **Mhullruaidh** anseo agus bhí an bád, bhí taibhse an bháid ag siúl sa, ar an, ar an taobh eile den, den uisce, den ....

**DÓNAL:** ....Na ráilleach lena thaobh.

**DÓNALL GHRACIE:** Ag a thaobh. Agus chuaigh siad amach an oíche seo agus nuair a bhí siad ag tógail na heangacha caidé a bhí in sna eangacha ach an *mine*. Agus chuaigh siad síos ar a gcuid glúine agus dúirt siad an paidrín. Agus chuaigh siad ansin, cha, cha dtiocfadh leofa an, na heangacha a thabhairt isteach *because* bhí siad ag tarraingt an mine clósáilte den bhád *do you see?*

**DÓNAL:** Tá a fhios agam.

**DÓNALL GHRACIE:** Agus bhí siad, bhí, bhí an-eagla orthu fosta. Agus dúirt siad an paidrín agus ansin chuir siad suas *signal*. Mar a dúirt siad, *distress signal* agus tháinig, tháinig an *minesweeper* agus rinne sé an *mine* a, bhain sé an *mine* as na heangacha. *Aye. Aye.*

**DÓNAL:** Dhia ár sábháil.

**DÓNALL GHRACIE:** Agus bhí sí, bhí, bhí lúcháir ar dóigh orthu an oíche sin.

**DÓNAL:** Sé'n paidrín a shábháil iad.

**DÓNALL GHRACIE:** Ó sea, bhí sin, bhí sin fíor, bhí. Bhí sin fíor, *aye*.

**DÓNAL:** Ó, tá a fhios agam. Ach chonaic siad taibhse an bháid.

**DÓNALL GHRACIE:** Ó, chonaic siad taibhse an bháid, tá, a bhád féin. *Aye*. Sea. Agus *eh*, ó ba ghnách leo a ghabháil isteach go Doire agus achan áit eile agus bhí amhrán déanta fan bhád.

**DÓNAL:** An raibh?

**DÓNALL GHRACIE:** Bhí *but* níl agamsa ach an, ach an, ach an, go díreach an chéad véarsa dithi.

**DÓNAL:** Bhuel, abair é.

**DÓNALL GHRACIE:** *The gallant boat, the Daylight Star,  
From Derry she did sail.  
She motored down the river Foyle,  
Within a wicked gale.*

(Gáire) Sin a, sin a, sin a raibh a fhios agam di.

**DÓNAL:** Bhfuil a fhios agat cé a scríobh sin?

**DÓNALL GHRACIE:** Ó níl a fhios agam cé a scríobh é, *aye*.

**DÓNAL:** Ach caithfidh sé go mbeadh do mháthair ansin cráite sa bhaile, an bhfuil a fhios agat?

**DÓNALL GHRACIE:** Ó bhí cinnte. Bhí sí thuas ansin ag barr an chnoic ansin agus ochtar teaghlaigh *aye*. Agus cha raibh bealach nó a dhath ag gabháil suas agus chaithfeadh sí a ghabháil, tá a fhios agat, amach, teaghlach óg san am.

**DÓNAL:** *Mmm, hmm.*

**DÓNALL GHRACIE:** Agus ansin bheadh sé, bhí sé istigh ansin agus ba ghnách leofa an, na, na scadáin.

**DÓNAL:** Sea.

**DÓNALL GHRACIE:** Thiocfadh siad isteach sna Dúnaibh ansin le lastaí scadáin.

**DÓNAL:** *Mmm, hmm.*

**DÓNALL GHRACIE:** Agus ansin bheadh auctioneer thiar ansin ar an ché ar maidin agus cha raibh a dhath thiar ansin ach bádaí uilig, lán scadáin.

**DÓNAL:** Agus iad ag díol agus ag ceannach?

**DÓNALL GHRACIE:** Ag díol ansin agus bhí fear thiar, daoine thiar ansin le asal agus cúpla cléibh ar na hasail, úim agus cléibh.

**DÓNAL:** *Mmm, hmm.*

**DÓNALL GHRACIE:** Agus gheobhadh siad bascaed scadáin agus bhí siad ar shiúl fríd an tír ansin ag díol na scadáin.

**DÓNAL:** Agus creidim gur ndearna tú féin é fosta, a Dhónaill?

**DÓNALL GHRACIE:** Rinne mé féin, chuaigh mé síos Fánaid agus síos ansin fosta ag díol, ag díol scadáin.

**DÓNAL:** An deachaigh?

**DÓNALL GHRACIE:** Chuaigh.

**DÓNALL:** Le asal.

**DÓNALL GHRACIE:** Bhuel bhí veain againn san am sin.

**DÓNALL:** An raibh?

**DÓNALL GHRACIE:** Rachainn féin agus fear inteacht eile, fear mo chomharsa thiar ansin, chuaigh muid síos ansin.

**DÓNALL:** Sea.

**DÓNALL GHRACIE:** Agus ansin.

**DÓNALL:** Ach rachadh sibh le, le asal creidim roimh sin?

**DÓNALL GHRACIE:** Ó, bhí siad ag gabháil thart le asal, thart suas go *Milford* agus thart síos Fánaid, achan áit le asal.

**DÓNALL:** *Mmm, hmm.*

**DÓNALL GHRACIE:** Agus ansin sa gheimhreadh ansin bhéarfadh m'athair, bhéarfadh sé bascaed scadáin agus shailleadh siad iad.

**DÓNALL:** Shailleadh siad iad, sea.

**DÓNALL GHRACIE:** Shailleadh siad iad fá choinne an gheimhreadh ansin, bhí.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**DÓNALL GHRACIE:** Bhí, bhí sin, sin an rud a bhí againn fá choinne an gheimhreadh.

**DÓNALL:** Bhuel, ní raibh tú ariamh gann, an bhfuil a fhios agat?

**DÓNALL GHRACIE:** Ó, *not*, cha raibh, ó *Godda*, cha, bhí ár sáigh le hithe againn. Bhí ár gcuid préataí féin againn.

**DÓNALL:** *Mmm, hmm.*

**DÓNALL GHRACIE:** Ár gcuid *turnips*, cáil agus uile, an dtuigeann, achan ghreim mar a dúirt an fear udaí.